NÓSANNA IMEACHTA EARCAÍOCHTA & ROGHNÚCHÁIN BOOLM

Ráiteas Beartais

Tá sé mar pholasaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí foireann ardchaighdeáin a earcú agus a choinneáil ar bhealach cóir comhsheasmhach, saor ó idirdhealú. Chuige sin, bunaíonn BOO Lú agus na Mí na nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin seo a leanas ar an sainchuntas poist agus ar riachtanais oibiachtúla an phoist gan chlaontacht ar bhonn stádas inscne, pósta nó teaghlaigh an iarrthóra, aois, míchumas, reiligiún, gnéaschlaonadh, cine, nó toisc gur den Lucht Siúil iad.

Tá na nósanna imeachta seo á rialú ag agus bunaithe ar an Reachtaíocht Náisiúnta agus Aontas Eorpach seo a leanas:

1. Airteagail 48 - 49 (re: Saorghluaiseacht Oibrithe) agus Airteagal 119 (re: Pá Comhionann) de Chonradh na Róimhe, 1957, arna leasú le Conarthaí ina dhiaidh sin.
2. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2007
3. Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 & 2006
4. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh), 1977
5. Acht na nEachtrannach, 1935
6. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998-2003
7. Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003
8. An tAcht um Míchumas, 2005
9. Ciorclán Litreacha/Fógraí/Meabhráin/Comhaontuithe Comhchoiteanna na Roinne Oideachais agus Scileanna
10. An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004
11. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001
12. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003
13. Reachtaíocht ábhartha eile agus Comhaontuithe Comhchoiteanna

Nósanna Imeachta

Folúntas
Tosaíonn an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin nuair a bhíonn folúntas ann, ag eascairt as ceachtar acu seo a leanas:

- post nua
- post folamh atá ann cheana
- post ionaid

Is iad seo a leanas na céimeanna tosaigh a ghlactar:

- Cineál an chonartha a chinneadh .i. buan-lánaimseartha/conradh d'fhad éiginnte, téarma seasta, pro-rata, páirtaimseartha, páirtaimseartha neamh-ócáideach, páirtaimseartha ócáideach
- Soiléiriú a dhéanamh ar chineál beacht na ndualgas

Fógraíocht an Phoist
Fógraíonn BOO Lú agus na Mí folúntais faoi láthair ar roinnt bealaí, is é sin;

- Preas náisiúnta
- Preas áitiúil
- www.etbjobs.ie
- Rannóg na bhfolúntas ar shuíomh gréasáin an BOO

An Bord Roghnúcháin
Is trí agallamh a dhéantar an príomh-mhodh roghnúcháin in BOO Lú agus na Mí. Bunaítear Bord Roghnúcháin i gcomhair gach poist agus iarrtar air iarrthóir a mholadh lena cheapadh tar éis próiseas roghnúcháin. Déanann an Bord Roghnúcháin measúnú ar gach iarratas de réir na gcritéar roghnúcháin.

Is é príomh-mhodh measúnaithe na n-iarrthóirí gearrliostaithe agallamh foirmiúil, lena gcuirtear i gcásanna áirithe cur i láthair, an dara hagallamh, scileanna agus trialacha inniúlachta.

An Bord Roghnúcháin
Is é cuspóir an Bhoird Roghnúcháin fiúntas gach iarrthóra a mheas agus an t-iarrthóir is mó fiúntas a mholadh le haghaidh a cheaptha, **de réir na gcritéar a shonraitéar don phost.** Ba cheart go bhfanfadh plé an Bhoird Roghnúcháin faoi rún i gcónaí. Cuirtear moladh an Bhoird Roghnúcháin ar aghaidh chuig an Roinn Acmhainní Daonna agus deimhníonn an Príomhfheidhmeannach é le haghaidh ceapacháin.

Comhdhéanamh an Bhoird Roghnúcháin
Braitheann comhdhéanamh an Bhoird Roghnúcháin ar chineál an fholúntais.

- Tá ceapachán agus cur chun cinn na foirne teagaisc dara leibhéal faoi réir théarmaí agus choinníollacha Chiorclán na Roinne Oideachais & Scileanna 43/00 faoi láthair; triúr comhaltaí is ea gnáth-chomhdhéanamh an bhoird sin, lena n-áirítear oideachasóir, speisialtóir pearsanra agus ball den BOO.
- De ghnáth bíonn Comhdhéanamh na mBord Roghnúcháin do gach ceapachán foirne ina bhall den BOO móide beirt speisialtóirí sa réimse ábhartha.

Déanfaidh BOO Lú agus na Mí a ndícheall cothromaíocht inscne a bheith acu ar gach Bord Roghnúcháin a léiríonn cothromaíocht inscne na n-iarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh dul faoi agallamh. Ní mór do chomhdhéanamh an Bhoird Roghnúcháin a bheith comhsheasmhach i gcónaí.

Dearbhú leasa
Ní mór do gach comhalta den Bhord Roghnúcháin foirm um Dhearbhú Leasa a chomhlánú sula ndaingnítear iad chuig an mBord Roghnúcháin.

Meastar coinbhleacht leasa a bheith ann nuair a mheasann comhalta den Bhord Roghnúcháin nach ligfidh a gcaidreamh/eolas i leith iarratasóra dóibh breithiúnas neamhchlaonta a dhéanamh. Meastar gur coinbhleacht leasa é dlúthchaidreamh le hiarrthóir ar nós Céile / Páirtí / Leanbh / garghaol eile nó neaschara eile agus ba cheart é a thabhairt le fios. Má aithníonn comhalta boird coinbhleacht leasa, ba cheart dóibh é a chur faoi bhráid comhalta den Roinn Acmhainní Daonna láithreach.

Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann
Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i Márta 2006 chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, chun forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn agus chun caighdeáin sa ghairm a rialú.

Faoi alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ní mór do mhúinteoirí atá fostaithe i scoileanna aitheanta a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun go n-íocóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó BOO iad ó airgead poiblí.

Shínigh an tAire Oideachais agus Scileanna an t-ordú tosaithe d'Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 an 01 Samhain 2013 le teacht **i bhfeidhm ó dháta neamh-inchúlghairthe dlíthiúil an 28 Eanáir 2014.**

Tá cosc de réir an dlí ar an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar BOOnna daoine neamhcháraithe atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta i scoileanna a íoc ar an 28 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh sin ach amháin i gcúinsí an-eisceachtúla agus ar feadh tréimhsí ama an-ghearr.

Tá tuilleadh sonraí, lena n-áirítear foirmeacha iarratais clárúcháin agus ceisteanna coitianta, ar fáil ón gComhairle Mhúinteoireachta:

Suíomh gréasáin: www.teachingcouncil.ie

Ríomhphost: postprimaryregistration@teachingcouncil.ie do mhúinteoirí iar-bhunscoile

Éilíonn BOO Lú agus na Mí go gcláraítear gach iarratasóir ar phoist mhúinteoireachta leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu don phost sin.

Chun sonraí a fháil faoin modh cláraithe agus eolas eile, féach ar shuíomh gréasáin Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann www.teachingcouncil.ie

Imlitreacha an ROS:

Ciorclán 0031/2011 – Earcaíocht, Clárú agus Cáilíochtaí i leith Múinteoirí
Ciorclán 0052/2013 – Nósanna Imeachta maidir le Tosach Feidhme Alt 30 i Scoileanna Aitheanta
Ciorclán 0025/2013 – Riachtanas do mhúinteoirí i Scoileanna Aitheanta Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Imlitreacha ar fáil ar www.education.ie nó is féidir iad a fháil ón Roinn Acmhainní Daonna

Gearrliostú
Is é is gearrliostú ann an próiseas trína ndéantar iarrthóirí a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin comhaontaithe ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil i gcáipéisíocht an iarratais, chun na hiarrthóirí sin is fearr a chomhlíonann na critéir sin a shainaithint le haghaidh tuilleadh measúnaithe. *Táthar ag súil, i bhfianaise cháilíochtaí agus thaithí na n-iarratasóirí ionchasacha,*

go bhféadfadh na ceanglais ghearrliostaithe a bheith i bhfad níos airde ná an t-íoschaighdeán atá leagtha amach.

Nuair a bheidh spriocdháta an iarratais dúnta, socróidh an Príomhfheidhmeannach agus an Roinn Acmhainní Daonna critéir ghearrliostaithe. Ansin, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí is cuícháilithe dul faoi agallamh.

Cineálacha Eile Measúnaithe
I gcás roinnt post, d'fhéadfaí gur ghá cur leis an agallamh le cineálacha eile measúnaithe. Cuirfear iarrthóirí ar an ngearrliosta ar an eolas roimh aon chineál eile measúnaithe. Coimeádann an Bord aige féin an ceart teicnící éagsúla measúnaithe a úsáid; féadfar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh sna foirmeacha breise measúnaithe sin:

- Cur i láthair gairid a thabhairt ar ábhar ar leith
- Úsáid shábháilte bunphíosa trealaimh a léiriú
- Measúnú ar scileanna ríomhaireachta a dhéanamh, mar shampla próiseáil focal, scarbhileog nó scileanna foilsitheoireacht deisce
- Tástáil shíciméadrach
- Trialacha béil agus / nó scríofa i nGaeilge
- Léiriú ar cheacht a theagasc

Socruithe Agallaimh
Déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna socruithe do na hagallaimh trí:

- Sceideal agallamh a ullmhú ón ngearrliosta comhaontaithe
- Ionad cuí a eagrú – agallaimh agus áit feithimh
- Dáta, am agus ionad a n-agallaimh a chur in iúl d'iarrthóirí ar an ngearrliosta
- Dáta, am agus ionad an agallaimh a chur in iúl do bhaill an Bhoird Roghnúcháin
- Comhad a ullmhú do gach comhalta den Bhord Roghnúcháin ina bhfuil an fógrán, sainchuntas poist (más ann dó), foirm iarratais na n-iarrthóirí agus aon cháipéisíocht bhreise, foirm Dearbhú Leasa.

Treoirlínte do Bhoird Roghnúcháin

- Bíonn an comhad agallaimh ina bhfuil cóip den phost mar a fógraíodh, foirmeacha iarratais na n-iarrthóirí gearrliostaithe agus dréacht-sceideal ar fáil do chomhaltaí an bhoird roimh na hagallaimh. Cuirfear na sceidil chomhlánaithe ar fáil don bhord sula gcuirfear tús leis na hagallaimh.

- Beidh ar gach comhalta boird foirm Choimhlint Leasa a chomhlánú sula ndaingneofar é nó í ar an mbord agallaimh.

- Meastar coimhlint leasa a bheith ann nuair a bhraitheann comhalta boird nach ligfidh a gcaidreamh /gcuid eolais i leith iarratasóra dóibh breithiúnas neamhchlaonta a dhéanamh. Meastar gur Coinbhleacht Leasa é dlúthchaidreamh le hiarrthóir ar nós Céile / Páirtí / Leanbh /Gaol nó duine dlúthaitheantais agus ba chóir é sin a dhearbhú. Má aithníonn tú Coinbhleacht Leasa, dírigh aird na Roinne Acmhainní Daonna air láithreach.

- Sula gcuirfear tús leis na hagallaimh, tabharfaidh comhalta den Roinn Acmhainní Daonna faisnéis don bhord, cuirfidh sé ar an eolas iad faoi shonraí sainiúla an phoist atá faoi

agallamh, tabharfaidh sé aon eolas breise dóibh agus beidh sé ar láimh le linn an phróisis chun cabhrú leis an mbord de réir mar is gá.

- Tabharfar an méid céanna ama do gach iarrthóir don agallamh s'acu. Cuirfear na croícheisteanna céanna ar gach iarrthóir chun cur chuige comhsheasmhach agus cothrom a chinntiú. Iarrtar ar an mbord cloí leis an sceideal agallaimh a oiread agus is féidir.

- Cuirfear ceisteanna agallaimh molta agus foirmeacha meastóireachta agallaimh ar fáil don bhord roimh na hagallaimh. Tá sé tábhachtach go bhfreastalóidh comhaltaí boird ag an am a iarrtar chun go mbeifear in ann ceisteanna agus foirmeacha meastóireachta a aontú sula gcuirfear tús leis na hagallaimh. Ós rud é go bhfuil comhghaol díreach idir an fhoirm mheastóireachta agus na réimsí a cheisteofar, tá sé tábhachtach go n-aontódh an bord faoin dá dhoiciméad sula gcuirtear tús leis na hagallaimh.

- Tiomsaíonn an Roinn Acmhainní Daonna ceisteanna agallaimh de réir na reachtaíochta reatha maidir leis an dlí fostaíochta agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go n-aontóidh an bord aon leasuithe nó breisithe agus go gceadaíonn an Roinn Acmhainní Daonna iad roimh an agallamh. Níor cheart idirdhealú a dhéanamh i gceisteanna a chuirtear faoi aon cheann de na 9 bhforas atá clúdaithe ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (.i. Inscne, Stádas Pósta, Stádas teaghlaigh, Aois, Míchumas, Cine, Gnéaschlaonadh, Creideamh Reiligiúnach nó toisc gur den Lucht Siúil iad.

- Ceanglaítear ar an mbord Cathaoirleach a thoghadh (Ionadaí BOO Lú agus na Mí de ghnáth) agus rúnaí a ainmniú atá freagrach as na foirmeacha meastóireachta agallaimh a chomhlánú. Ní mór do gach comhalta boird a ainm a chur leis an bhfoirm mheastóireachta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuirtear an fhoirm mheastóireachta ar fáil d'iarrthóirí agallaimh má iarrann siad aiseolas.

- Déantar foráil san fhoirm mheastóireachta maidir le marcanna agus ráitis a chomhlánú agus beidh ar an mbord gach cuid a chomhlánú go hiomlán. Is í aidhm na foirme seo aiseolas cuiditheach a chur ar fáil do na hiarrthóirí agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach rannóg na dtuairimí a chomhlánú.

- Chomh maith le foirm mheastóireachta a chomhlánú do gach iarrthóir a cuireadh faoi agallamh, ní mór don bhord an fhoirm cheapacháin fhoriomlán a chomhlánú ina sonraítear, in ord fiúntais, an t-iarrthóir / na hiarrthóirí a mholtar lena gceapadh chuig an bpost. Níor cheart iarrthóir / iarrthóirí a chur ar phainéal ach amháin má tá an bord roghnúcháin lánsásta le hoiriúnacht an iarrthóra / na n-iarrthóirí lena gceapadh.

Tuairiscí réiteora

Beidh tairiscint fostaíochta ag brath ar theistiméireachtaí sásúla a fháil. Lorgófar teistiméireachtaí díreach tar éis agallaimh maidir leis an iarrthóir molta. Braitheann cineál na dtuairiscí réiteora a bhítear á lorg ar chineál an fholúntais, ba cheart go mbeadh duine amháin ar a laghad de na moltóirí in ann tuairisc a thabhairt ar fhostaíocht roimhe sin.

I gcásanna áirithe, is féidir teistiméireachtaí a lorg roimh an agallamh, rud a chuirtear in iúl d'iarratasóirí ar an bhfoirm iarratais.

Ceapachán a Thairiscint

Is é ról an Phríomhfheidhmeannaigh amháin, nó na Roinne Acmhainní Daonna má ainmníonn an Príomhfheidhmeannach é, teagmháil a dhéanamh leis an iarrthóir rathúil tar éis moladh ón mBord Roghnúcháin.

Beidh tairiscintí fostaíochta ag brath ar an méid seo a leanas a fháil:

- Fianaise dhoiciméadach bhunaidh ar cháilíochtaí acadúla
- I gcás múinteoirí, fianaise dhoiciméadach ar Chlárú reatha na Comhairle Múinteoireachta
- Bunleagan fada den teastas breithe
- Grinnfhiosrúchán sásúil an Gharda Síochána agus cur i gcrích an Dearbhaithe Reachtúil
- Scrúdú leighis sásúil
- Tuairiscí sásúla Réiteoirí
- Gach doiciméad a bhaineann le pinsin a chomhlánú go sásúil
- Glacadh leis an gCód Iompair

Painéil
Tar éis agallaimh, is féidir Painéal a bhunú as ar féidir ceapacháin bhreise a dhéanamh ar bhonn téarma seasta, cuspóir seasta. Beidh an painéal ann ar feadh bliain acadúil amháin.

Gach bliain cruthaítear painéal Ionadach Múinteoirí ar bhonn cáilíochtaí, clárúchán na Comhairle Múinteoireachta agus Grinnfhiosrúchán sásúil an Gharda Síochána. Is ón bpainéal seo a líontar folúntais ghearrthéarmacha ionadaíochta múinteoirí.

Measúnú Leighis Réamhfhostaíochta
Is é príomhchuspóir an mheasúnaithe / scrúdaithe leighis réamhfhostaíochta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an duine aonair do phost nó do ghairm ar leith maidir le riachtanais an phoist sin.

Is féidir le ceistneoirí leighis réamhfhostaíochta:

- Cabhrú lena chinntiú gur féidir leis an duine aonair na tascanna a dhéanamh go héifeachtach
- Easláinte a aithint a d'fhéadfadh a bheith contúirteach don oibrí nó do chomhghleacaí
- Cabhrú lena fháil amach an bhfuil riosca sláinte ag baint leis an bpost
- Comhairle a thabhairt má tá aon srianta nó socruithe poist ag teastáil
- Dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta a éascú

Éilíonn BOOLM ar gach iarrthóir ar éirigh leo measúnú leighis réamhfhostaíochta a dhéanamh. I gcás Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, is í an tSeirbhís Sláinte Ceirde atá faofa ag an ROS a dhéanfaidh an measúnú leighis réamhfhostaíochta trína láithreán gréasáin www.medmark4teachers.ie nó www.medmark4snas.ie. Déanfaidh dochtúir a ainmneoidh BOOLM gach ceapaí eile a mheas ó thaobh leighis de.

Fianaise Dhoiciméadach Bhunaidh ar Cháilíochtaí
Ceanglaítear ar an iarrthóir rathúil fianaise dhoiciméadach bhunaidh ar a gcuid cáilíochtaí acadúla a chur isteach ón institiúid dámhachtana i.e. a gcuid tras-scríbhinní acadúla do gach bliain staidéir (ráiteas torthaí) agus pá(i)r, tar éis dóibh glacadh leis an tairiscint fostaíochta. Ní mór do mhúinteoirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar freisin ar Chlárú reatha na Comhairle Múinteoireachta agus fianaise ar na hábhair a bhfuil siad cláraithe lena múineadh agus ar aon

choinníollacha a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta orthu m.sh. ag brath ar thaithí iarcháilíochta.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
Tá BOO Lú agus na Mí cláraithe le Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chuireann seirbhís nochta ar fáil d'eagraíochtaí a bhfuil poist foirne acu a bhfuil rochtain rialta acu ar leanaí agus ar dhaoine fásta nó ina ndéantar teagmháil leo. Mar chuid de phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin an BOOLM, tá gach tairiscint fostaíochta do phoist ina bhfuil siad ag obair le leanaí agus le daoine leochaileacha, faoi réir toradh sásúil ar phróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Forchoimeádann BOOLM an ceart go ndéanfaí grinnfhiosrúchán ar fhostaithe gach 5 bliana nó níos minice, má mheastar gur gá.

Déanfar grinnfhiosrúchán ar Mhúinteoirí Nuachláraithe tríd an gComhairle Mhúinteoireachta; iarrfar ar gach fostaí eile ligean do BOO Lú agus na Mí grinnfhiosrú a dhéanamh orthu.

Mar chosaint bhreise, faoi chiorclán ROS 0031/2016, ní mór do gach duine a cheaptar chuig poist mhúinteoireachta agus neamhtheagaisc ar feadh tréimhse ar bith Dearbhú Reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí a sholáthar. Meastar dearbhú reachtúil a bheith bailí má dhéantar é sa bhliain féilire chéanna nó sa bhliain féilire roimhe sin. Ina theannta sin, ní mór do gach duine an gnóthas gaolmhar (a bhaineann go sonrach leis an údarás scoile atá ag fostú) a shíniú sula dtosóidh sé mar fhostaí ar feadh tréimhse ar bith. Is féidir Ciorclan ROS 0031/2016 a fháil ó www.education.ie nó ón Roinn Acmhainní Daonna.

Comhairle a thabhairt d'Iarrthóirí nár éirigh leo
Cuirfidh an Roinn Acmhainní Daonna in iúl d'iarrthóirí nár éirigh leo chomh luath agus is féidir tar éis an agallaimh.

Aiseolas Iar-Agallaimh
Bíonn cóip den Fhoirm Mheastóireachta Agallaimh, atá comhlánaithe ag an mBord Roghnúcháin do gach iarrthóir, ar fáil ach iarrthóir ar bith í a iarraidh a bhíonn ag lorg aiseolas iar-agallaimh.

Sonraítear san Fhoirm Mheastóireachta Agallaimh na marcanna a thugtar de réir na gcritéar roghnúcháin agus cuirfear ar fáil í ach iarratas a sheoladh ar ríomhphoist chuig recruitment@lmetb.ie

Ceadanna Oibre
Is cead fostaíochta é cead oibre a eisítear chuig an bhfostaí, a cheadaíonn a c(h)uid fostaíochta sa Stát ag an bhfostóir sa ghairm atá luaite ar an gcead. Go ginearálta, ní mór cead a bheith ag náisiúnaigh neamh-LEE * oibriú in Éirinn. Ní theastaíonn cead fostaíochta ó náisiúnaigh an LEE agus na hEilvéise, seachas náisiúnaigh Bhulgáracha agus Rómánacha

**Tá an LEE (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) comhdhéanta de Bhallstáit an AE in éineacht leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin.*

Cloíonn BOO Lú agus na Mí le treoirlínte maidir le ceadanna oibre mar a leagann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta síos ó am go ham.